Clinic Margaíochta (1)	11/03/09
Clinic Margaíochta (2)	25/03/09
Clinic ar Láithreáin Ghréasáin (1)	26/03/09
SYOB – Loch Garman (3)	29/04/09
Buneolas ar Google Analytics	12/05/09
Clinic ar Láithreáin Ghréasáin (2)	12/05/09
An Leabhar Mór Dearg	20/05/09
Buneolas ar Mhargaíocht R-phoist	17/06/09
Conas Tairiscint mar is Ceart	07/09/09
Buneolas ar Google Adwords	08/09/09
Líonra Ban I mBun Gnó	15/09/09

Buneolas ar Dhíol ar EBay	15/09/09
SYOB – Loch Garman (4)	23/09/09
Clár le haghaidh úinéara/Bainisteora 2010/11	28/09/09
SYOB – Inis Córthaidh (2)	30/09/09
Comhdháil Mhná sa Ghnó	05/10/09
SYOB – Guaire (2)	08/10/09
Cruthaitheacht & Nuálaíocht sa Mhicreathionscadal	20/10/09
SYOB – Ros Mhic Thriúin (2)	03/11/09
Clinic ar Dhíolacháin	05/11/09
Buneolas ar Google Adwords	17/11/09
Buneolas ar Google Analytics	25/11/09

Bord Fiontar Contae Loch Garman Teo.
Tuairisc an Stiúrthóra
An bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2010

Is ball de Bhord Fiontar Contae Loch Garman é an Bord agus tá súil go n-éascóidh an bord comhordú níos fearr ar fhorbairt áitiúil de réir a chéile. Tá bunachar sonraí ag an mBord de na tionscadail ar fad a fhaigheann cúnamh deontais. Mar gheall ar an ualach oibre a bhfuil cuntas air bhí gá an úsáid ba mhó a bhaint as acmhainní go háirithe sa réimse foirne.

Tá staid gnóthaí an chomhlachta sásúil agus ní raibh aon athrú ábhartha ann ó dháta an chláir chomhardaithe.

Torthaí:

Tá an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2010 ceangailte.

Sláinte agus Sábháilteacht:

Tá sláinte fhostaithe an Bhoird cosanta ag tagairt d'fhorálacha faoin Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa san Ionad Oibre, 2005.

Iniúchóiri:

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá freagrach as iniúchadh an Bhoird, de réir Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (leasú) 1993.

Imeachtaí tar éis an Chláir Chomhardaithe:

Níor tháinig aon chúrsaí ná aon chúinsí chun cinn ó dheireadh na tréimhse airgeadais a raibh tionchar suntasach acu nó a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar oibríochtaí nó staid gnóthaí na cuideachta i mblianta airgeadais i ndiaidh an tréimhse airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2010.

Bord Fiontar Contae Loch Garman Teo.
Tuairisc an Stiúrthóra
An bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2010

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí:

Cuireann dlí na gcuideachta iallach ar stiúrthóirí ráiteas airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais agus caithfidh an ráiteas sin caoi na cuideachta agus ioncam & caiteachas na bliana sin a chur in iúl go fírinneach agus go cothrom. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá sé de cheangal ar na stiúrthóirí

- Polasaithe Oiriúnacha cuntasóireachta a chur i bhfeidhm agus iad a úsáid go leanúnach tríd síos.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil an mbonn sin míchuí
- sonraigh nuair is infheidhmithe é gur leanadh caighdeáin chuntasaíochta, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mínítear sa ráiteas airgeadais

Tá sé de fhreagracht ar na stiúrthóirí leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtfadh ag aon am, le cruinneas réasúnta, staid airgeadais an chomhlachta agus a chuirfeadh ar a gcumas a chinntiú go gcloífeadh na ráitis airgeadais le hAcht na gCuideachtaí 1963-2009. Tá sé de dhualgas orthu freisin sócmhainní an chomhlachta a chosaint agus dá bhrí sin tá sé de dhualgas orthu na céimeanna cuí a ghlacadh le calaois nó aon mhí-rialtacht eile a thabhairt faoi deara.

Bhain an chuideachta úsáid as seirbhísí ghnólacht cuntasóirí cáilithe agus coinníodh córais chuntasaíochta oiriúnacha lena chinntiú go mbeadh leabhair chuntasaíochta chearta agus taifid chuntasaíochta chearta sa chuideachta de réir Alt 202 de Acht na gCuideachtaí 1990. Tá leabhair na gcuntas lonnaithe in oifig na cuideachta.

Eleanor White

Cathaoirleach **Stiúrthóir**

Cuntas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Bhord Forbartha Contae Loch Garman don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach istigh ansin, an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí bainteacha. Tá feidhm ag an gcreat um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú sa dlí agus de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as cinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar ghnóthaí na cuideachta agus ar a cuid ioncaim agus caiteachais, agus as rialtacht idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é mo chúram ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí fhéachaint chuig na comaoiní speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir le bainistíocht agus oibriú na gcomhlachtaí céanna.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An RA agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná dóthain fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais, chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadas saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Mar chuid den iarracht sin déantar measúnú maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

- an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhréireach iad agus ar nochtadh go dóthanach iad.
- cibé acu an raibh nó nach raibh na meastacháin mhóra chuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú réasúnta agus
- leagan amach iomlán na ráiteas airgeadais.

Freisin déanaim iarracht fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Chomh maith leis sin, léim an fhaisnéis go léir sa tuarascáil bhliantúil idir faisnéis airgeadais agus neamhairgeadais chun neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má aimsím aon mhíraitis ábhartha nó neamhréireachtaí soiléire smaoiním ar na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

Gan mo thuairim a cháiliú, tarraingím aird ar an bPolasaí Cuntasaíochta maidir le pinsin a mhíníonn an fáth nár cuireadh forálacha Chaighdeán 17 um Thuairisciú Airgeadais i bhfeidhm.

Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais ná:

- go dtugann siad léargas fírinneach cóir, de réir na gCaighdeán Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leo in Éirinn, ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2010 agus ar an ioncam agus an gcaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin, agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009.

Fuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta. Is é mo thuairim ná gur choimeád an chuideachta leabhair chuntais iomchuí. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Is é mo thuairim ná go réitíonn an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais.

Ábhair a nDéanaim Tuairisc Orthu trí hEisceacht

Déanaim tuairisc trí heisceacht más amhlaidh

- gur tugadh faoi deara le linn m'iniúchta aon tarlúint ábhartha áit nár baineadh úsáid as airgead le haghaidh na gcuspóirí beartaithe nó áit nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis arna rialú, nó
- nach réitíonn an fhaisnéis a tugadh sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain inar ullmhaíodh na ráitis airgeadais leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn na Ráitis ar Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an chuideachta ag géilleadh don Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit
- go bhfaighim go bhfuil ábhair ábhartha eile i gceist maidir leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin a ndéantar tuairisciú orthu trí heisceacht.

Andrew Harkness
Do agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3 Meitheamh 2011

Ráiteas ar an gCóras um Rialú ar Airgeadas Inmheánach
Freagracht don Chóras um Railú ar Airgeadas Inmheánach

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Bhord Fiontar Contae Loch Garman Teo., glacaim lenár bhfreagracht a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmíonn córas éifeachtach um Rialú Airgeadais Inmheánach.

Ní féidir leis an gcóras ach forchinntiú réasúnta agus ní forchinntiú íomláin a thabhairt, go ndéantar cosaint ar na sócmhainní, go ndéantar taifead ar aon idirbheart agus go mbíonn sé údaraithe, agus go dtugtar faoi deara agus go gcuirtear stop l haon earráid nó aon mhí-rialtacht ábhartha.

Nósanna Imeachta Lárnacha le haghaidh rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord le suíomh rialaithe cuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a chur in áit le go dtugtar cuntas ar aon teip shuntasach sa chóras rialaithe agus go gcuirtear i bhfeidhm céimeanna cuí chun é a chur ina cheart.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an mBord le baoil ghnó a aithint agus a mheasúnú trí

- An cineál, méid agus impleacht airgeadais a bhainfeadh le haon bhaol a dtugann an eagraíocht aghaidh air a aithint, ag áireamh an méid agus na ranna a gcreideann sé go bhfuil siad inghlactha
- Measúnú a dhéanamh ar cén seans atá ann go dtarlódh na baoil aitheanta
- Measúnú ar chumas na heagraíochta bainistiú agus maolú a dhéanamh ar aon bhaol a tharlaíonn
- Measúnú a dhéanamh ar chostaisí a bhaineann le feidhmiú smachtanna áirithe i gcomhréir leis an mbuntáiste a ghabhtar as

Tá an córas um rialú ar airgeadas inmheánach bunaithe ar ghréasán d'fhaisnéis rialta ón mbainistíocht, nósanna imeachta riaracháin le scagadh ar fhreagrachtaí san áireamh, agus córas chun freagrachtaí a dháileadh agus daoine a bheith cuntasach. Folaíonn sé go háirithe:

- Córas buiséid cuimsitheach le buiséad blaintúil ar a ndéanann an Bord Stiúrtha athbhreithniú agus go nglacann siad leis
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Stiúrtha ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thaispeáineann conas mar atá ag éirí leis an gcomhlacht ó thaobh airgeadais de i gcomparáid le mar a bhí measta.
- Cúpla sprioc le torthúlacht airgeadais agus eile a mheas
- Treoirlínte do smachtú infheistíocht chaipitil a bheadh sainithe go soiléir
- Disciplíní foirmeálta ar bhainistiú tograí.

Tá feidhm d'iniúchadh inmheánach ag Bord Fiontar Contae Loch Garman, a fheidhmíonn de réir na gcaighdeán atá sainithe sa Chód Cleachtais do Rialúcháin Eagraíochtaí Stáit. Nuair a dhéantar iniúchadh inmheánach glactar san áireamh anailís ar na baoil atá ann don eagraíocht agus bunaítear pleananna d'iniúchadh inmheánach ar an Tuarascáil Iniúchadh Inmheánach agus é seo faofa ag an mBord Stiúrtha. Ar a laghad uair sa bhliain cuireann an Iniúchóir Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchtha inmheánach ar fáil don Bhord. Áirítear sa tuarascáil seo tuairim an Iniúchóra Inmheánach ar an dóthaineacht agus éifeacht an chórais i leith smachtanna airgeadais inmheánach.

Nuair a dhéanann an Bord monatóireacht agus athbhreithniú ar an gcóras um railú ar airgeadas inmheánach, tógann said san áireamh an obair atá déanta ag an iniúchóir inmheánach agus ag an gcoiste iniúchta, a dhéanann feitheoireacht ar obair Fheidhmeannas Bhord Fiontar Contae Loch Garman Teo., ar a bhfuil an fhreagracht forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gréasán um railú airgeadais agus aon ráiteas déanta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litreacha bainistíochta nó aon tuarascáil eile.

D'fhostaigh Bord Fiontar Contae Loch Garman seirbhísí iniúchóra neamhspleách chun Seirbhísí Iniúchta Inmheánaigh a chur ar fáil dó. Tharla an tAthbhreithniú Iniúchta Inmheánaigh i mí Meitheamh, 2009.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Ní dhearna an Bord athbhreithniú ar a éifeachtaí agus a bhí an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig, 2010.

Sínithe thar ceann an Bhoird.



Tom Murphy
Cathaoirleach
Mheithimh 2010

Bord Fiontar Contae Loch Garman Teo.
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasóireachta
An bhliain dar críoch Nollaig 31 2010

1. Bunús na gCuntas

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ag baint úsáide as an modh fabhraithe cuntasóireachta agus de réir phrionsabail chuntasóireachta mar atá siad leagtha amach sa choinbhinsiún costais stairiúil. Baintear úsáid as na caighdeáin le tuairisciú ar airgeadas a mholann comhlachtaí cuntasóireachta aitheanta, nuair a thagann siad i bhfeidhm.

Corpraíodh mar chomhlacht teoranta faoi bharántas Bord Fiontar Contae Loch Garman Teo., agus gan scair-chaipiteal aige, ar an 29 Meitheamh, 1995.

2. Sócmhainní Seasta agus Díluacháil

Cuirtear síos ar shócmhainní seasta ag a gcostas stairiúil nó measta lúide aon díluacháil carnaithe Gearrtar costas díluachála ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhunús líne dírigh ag na rátaí mar atá siad sonraithe thíos, chun go ndéanfaí díscríobh ar na sócmhainní, coigeartaithe chun an luach iarmhéid measta a ríomhadh, dá ngnáth-thréimhse maireachtála

Troscán	12.5%
Trealamh oifige	20%

3. Deontais Oireachtais

Tugtar deontais oireachtais ar bhonn fabhraithe. Tugann Fiontar Éireann deontais oireachtais thar ceann an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta.

4. Deontais Iníoctha

Fabhraítear deontais sna ráitis airgeadais nuair a chomhlíonann na hiarrthóirí na coinníollacha mar a bhí leagtha amach

5. Cuntas Caipitil

Is é atá sa chuntas caipitil ná an luach neamh-amúchta a úsáidtear le haghaidh chuspóirí caipitil

6. Léas Maoine:

Pléitear le sóchmhainní a mhaoinítear le comhaontaithe léasaithe a thugann garchearta úinéireachta (léas maoine) amhail is gur ceannaíodh glan amach iad agus léirítear an fhreagracht bhainteach a ghabhann leis sin mar oibligeáid faoi Chreidiúnaithe. Cuirtear díluacháil ar a leithéid sin de shóchmhainní léasaithe síos mar chaiteachas ar an mbonn céanna le sóchmhainní a ngabhann úinéireacht leo. Cuirtear an t-ús ar a leithéid d'iasachtaí síos mar chaiteachas agus úsáid á baint as modh na líne dírigh.

7. Ioncam Iarchurtha

Aithnítear aisíocaíochtaí ar chúnamh in-aisíoctha mar ioncam nuair a húsáidtear iad mar chúnamh airgeadais i bhfiontair eile. Seasann ioncam iarchurtha do chúnamh in-aisíoctha a fuarthas ó fhiontair chuidithe ach nach bhfuil curtha i bhfeidhm fós.

8. Ráiteas Faio Bheartais Chuntasaíochta Aoisliúntas agus FRS17 – Pinsin:

Tugann Alt 10 (4)(g) den Achta um Forbairt Tionsclaíochta 1995 le fios go bhféadfadh na Boird Fiontraíochta, idir Chathair is Chontae, a leithéid de phearsanra (a leithéid príomhfheidhmeannach san áireamh) a fhostú, agus in a leithéad de bhealach agus ar a leithéad de choinníollacha mar atá faofa ag an Aire (le toil an Aire Airgeadais) agus is dóigh leis na Boird chun a gcuid spriocanna a bhaint amach.

Tá faofa ag an Aire Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta, le toil an Aire Airgeadais, an scéim Aoisliúntas agus na scéimeanna comhcheangailte do Chéilí agus Leanaí a thabhairt isteach ar mhaithe le foireann an Bhoird. Cuireadh na scéimeanna seo i bhfeidhm i 2008 ach ag fanacht ar fhaomhadh foirmiúil. Idir an dá linn tá an tAire Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta, le toil anAire Airgeadais, tar éis cead a thabhairt na scéimeanna a oibriú bunaithe ar an scéim atá ag na Seirbhísí Sibhialta. Is amhlaidh gur ar bhonn “íoc mar a théitear” a oibríonn an scéim seo agus ciallaíonn seo nach bhfuil na sochair réamh-chistithe trí ranníocaíochtaí a dhéanamh go dtí ciste fé leith faoi stiúir na n-iontaobhaithe.

Sa scéim deintear ranníocaíochtaí na bhfostaithe a íoc le Fiontraíocht Éireann, agus leis an Roinn Fiontraíochta ag cur cistí ar fáil don Bhord trí Fiontraíocht Éireann, ag am dlite chostas na sochar.

Faoi láthair tá an Roinn ag meas an féidir na scéimeanna a athchóiriú ina scéimeanna a mbeidh na Boird Fiontraíochta, idir Chathair is Chontae, go léir san áireamh.

Ag fanacht le réiteach na mí-chinnteachtaí seo sa scéim, níl an Bord tar éis cur i bhfeidhm forálacha na scéime um sochar sonraithe mar atá leagtha amach i FRS17

Bord Fiontar Contae Loch Garman
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2010

		€	€
Ioncam	**Nóta**	**2010**	**2009**
Deontais Oireachtais	1	843,588	1,007,814
Ioncam Eile	1b	64,695	79,095
Cúnamh Inaisíoctha Faighte	3b	37,849	102,808
		946,132	**1,189,717**
Aistriú go Cuntas nó ó Chuntas Caipitil	10	1,066	2,987
Iomlán		**947,198**	**1,192,704**
Caiteachas			
Cúnamh Airgeadais Roghnach	2	341,751	409,594
Forbairt inniúlachta agus Fiontraíochta	4	308,467	383,461
Riaracháin	5	296,980	399,649
Iomlán		**947,198**	**1,192,704**
Farasbarr (easnamh) don Bhliain		Nil	Nil

Ní dhearna an Bord aon ghnóthachan nó aon chailliúint don bhliain airgeadais seo nó don bhliainairgeadais roimh ré seachas iadsan a ndearnadh láimhseáil orthu sa chuntas ioncaim agus caiteachais Baineann torthaí na bliana le feidhmiú leanúnach.

Tá na polasaithe cuntasóireachta agus na nótaí ag gabháil leo ar leathanach 1 go 15 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Eleanor White

Cathaoirleach **Stiúrthóir** **Príomhfheidhmeannach Gníomhach**

Bord Fiontar Contae Loch Garman Teo.
Clár Comhardaithe ar an 31 Nollaig 2010

	Nótaí	€ 2010	€ 2009
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	9	5,988	8,067
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí		5,469	16,303
Airgead sa Bhanc & ar Láimh		344,803	258,988
		350,272	**275,219**
Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain			
Creidiúnaithe		26,852	26,307
Ioncam Iarchurtha	3b	290,013	229,800
Oibleagáidí Léasa		1,014	1,014
Deontais Oireachtais Réamhíoctha		33,408	19,184
		351,287	**276,305**
Sócmhainní Seasta Glan		**(1,015)**	**(1,014)**
Sócmhainní Seasta Lúide Fiachaisí Seasta		**4,973**	**7,053**
Creidiúnaithe: Suimeanna dlite tar éis breis agus bliain			
Oibleagáidí Léasa		**(507)**	**(1,521)**
Glansócmhainní		**4,466**	**5,532**
Maoinithe ag:			
Cuntas Caipitil	10	4,466	5,532
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais			
		4,466	**5,532**

Tá na polasaithe cuntasóireachta agus na nótaí ag gabháil leo ar leathanach 1 go 15 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Eleanor White

Tom Banville

Cathaoirleach **Stiúrthóir** **Príomhfheidhmeannach Gníomhach**

Bord Fiontar Chontae Loch Garman Teoranta
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

1. Maoiniú agus Caiteachas an Bhord Fiontar Áitiúil

Foráiltear le Mír 10 (2) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1995 d'íoc deontas ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta leis an mBord. Faoi Ionstraim Reachtúil Uimh 655 de 2006, íocann Fiontraíocht Éireann deontais ar son an Aire. Caitheann an Bord an t-airgead ar bhearta atá mar chuid den Fho-Chlár Fiontar Áitiúil, ar nuálaíocht agus ar an Tosaíocht a bhaineann le Geilleagair Eolasbhunaithe i gClár Oibriúcháin Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir 2007-2013.

Tá na bearta mar seo a leanas

Beart 1 – Cúnamh Airgeadais Roghnach
Beart 2 - Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

1b Ioncam Eile

Tá an méid sin comhdhéanta de Tháillí Cúrsa faighte.

Bord Fiontar Chontae Loch Garman Teoranta
Nótaí leis an Ráitis Airgeadais
Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

2. Cúnamh Airgeadais Roghnach

Tairgeann an Bord cúnamh deontais, agus má ghlactar leis, fanann sé bailí mar hiomantais den Bhord do tréimhse sonraithe nó sna imthosca a sonraítear arna cheadú.

Ba ionann maoiniú a chuir an Roinn ar fáil chun Cúnamh Airgeadais Roghnach a chur ar fáil i 2010 agus €304,602

Tháinig na tiomantais a bhí le híoc ag an mBord ar 31 Nollaig 2010 chun cinn mar seo a leanas:

	Deontais	**Cúnamh Deontais Inaisíoctha**	**Iomlán**
	€	**€**	**€**
Tiomantais ar 1 Eanáir 2010	87,231	40,594	127,825
Ceadú Deontais	472,893	198,957	671,850
	560,124	**239,551**	**799,675**
Lúide: Díthiomnaithe			
Faofa 2009	41,475	20,125	61,600
Faofa 2010	52,208	26,740	78,948
	93,683	46,865	140,548
Caiteachas	243,220	98,531	341,751
Tiomantais Ar 31 Nollaig 2010	**223,221**	**94,155**	**317,376**

Cuimsíonn caiteachas de €341,751 Deontais Chaipitil de €87,956 Deontais Fhostaíochta ar luach €184,750 Deontais Indéantachta de €58,733 agus Deontais Phrímeála ar luach €10,312.

Cuireadh isteach Tiomantais Gan Réiteach ar 31 Nollaig 2010 mar seo a leanas:

	€
Tar éis an 1 Eanáir 2010	317,376

Bord Fiontar Chontae Loch Garman Teoranta
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

3A. Cúnamh Deontais Inaisíoctha

De bhrí go bhfuil aisíocaíocht ag brath ar fheidhmíocht na bhfiontar seo, nil an suim atá le híoc curtha san áireamh mar shócmhainn sa Chlár Comhardaithe. Glactar aisíocaíochtaí a fhaightear ar bhunús airgid tirim. Ní féidir leis an mBord Fiontar admhálacha den sórt sin a úsáid ach amháin chun deontais a mhaoiniú i bhfoirm cúnaimh inaisíoctha Bhí méid de €347,418 a airleacadh mar dheontais inaisíoctha in-aisíoctha ag amhail an 31 Nollaig 2010.

	2010	2009
	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2010	356,899	354,748
Eisithe i 2010	98,531	174,974
Aisíoctha i 2010	(98,756)	(96,897)
Díscríofa i 2010	(9,950)	(75,717)
Ceartú	694	(209)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	347,418	356,899
Dlite laistigh de 12 mí	84,375	104,657
Dlite tar éis 12 mí	263,043	252,242
	347,418	356,899

Athbhreithníonn an Bord iarmhéideanna dlite agus nuair a bhreithníonn sé nach dóigh go ndéanfaidh aisíocaíocht socróidh an Bord an suim sin a dhíscríobh. Bhí €9,950 díscríofa i 2010.

3B. Athdháileadh ar Dheontais Cúnaimh Inaisíoctha

	2010	2009
	€	€
Iarmhéid admhálacha cúnaimh inaisíoctha ar láimh an 1 Eanáir	229,800	235,711
Beart/Iocaíochtaí tugtha chun cinn ó Ioncam Iarchurtha	(37,849)	(102,808)
Leasú – ró-íocaíocht aisíocaíochtaí	(694)	
Admhálacha Cúnaimh Inaisíoctha	98,756	96,897
Iarmhéid admhálacha cúnaimh inaisíoctha ar láimh an 31 Nollaig	290,013	229,800

Bord Fiontar Chontae Loch Garman Teoranta
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

4. Forbairt Fiontair agus Cumais

	2010	2009
	€	€
Cláir Forbartha Bhainistithe	36,307	43,059
Oiliúint	102,324	100,276
Meantóireacht	75,627	101,905
Oideachas Fiontair	18,500	17,316
Cur chun cinn an Fhiontair	61,389	7,585
Elle	14,320	113,320
	308,467	**383,461**

5. Costais Riaracháin

	2010	2009
	€	€
Tuarastail	213,184	303,780
Speansais Taistil	9,788	12,165
Cóiríocht	18,750	18,750
Teileafón	5,869	6,371
Páipéarachas	2,172	2,697
Speansais Oifige	24,865	31,607
Cuntasaíocht	5,185	3,694
Taillí Iniúchta	6,392	6,392
Táillí Dlí agus Táillí Gairmiúla	374	1,255
Árachas	6,413	6,689
Oiliúint Foirne	381	2,248
Dímheas	3,607	4,001
	296,980	**399,649**

6. Cánachas

Níl aon foráil déanta do chánachas sna ráitis airgeadais.

7. Fostaithe agus Luach Saothair

Ba ionann costais luach saothair an Bhoird agus €213,184. Ba é an líon foirne ar an meán le linn na tréimhse ná 4. Fostaítear na baill foirne ar bhonn conartha. Asbhaineadh €12,396 ó bhaill foirne trí mheán thobhach pinsin agus íocadh le Enterprise Ireland é.

Bord Fiontar Chontae Loch Garman Teoranta
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

8. Aoisliúntas

Déantar tuarastail lucht na foirne atá ar iasacht a chúiteamh le Comhairle Contae Loch Garman. Áirítear leis an gcúiteamh sin cuid den aoisliúntas.

Maidir le comhaltaí eile na foirne, tháinig scéim nua pinsin i bhfeidhm le linn na bliana nuair a tugadh isteach an Scéim Aoisliúntais agus na Scéimeanna gaolmhara Aoisliúntais do Chéilí agus do Leanaí i mí Iúil 2009.

Sular tugadh an scéim seo isteach, d'íoctaí ranníocaíochtaí pinsin ar íocaíochtaí tuarastalarna ndéanamh ag an mBord go díreach, le daoine áirithe de lucht na foirne, ar an gcoinníoll go gcuirfí na ranníocaíochtaí i scéim phearsanta phríobháideach phinsin a bheadh faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim.

9. Sócmhainní Seasta

	Troscán € 2010	Trealamh € 2010	Iomlán € 2010
Costas/Luacháil ar 1 Eanáir 2010			
Costas	35,734	106,584	142,318
Breiseanna sa bhliain	0	1,528	1,528
Diúscairtí	(25,745)	(71,870)	(97,615)
Iarmhéid ar 31 Nollaig 2010	**9,989**	**36,242**	**46,231**
Carntha Dímheas Ar 1 Eanáir 2010	34,372	99,879	134,251
Táille don bhliain	575	3,032	3,607
Diúscairtí	(25,745)	(71,870)	(97,615)
Iarmhéid an 31 Nollaig 2010	**9,202**	**31,041**	**40,243**
Glan-Luach na Leabhar ar 31 Nollaig 2010	**787**	**5,201**	**5,988**
Glan-Luach na Leabhar ar 31 Nollaig 2009	**1,362**	**6,705**	**8,067**

Bord Fiontar Chontae Loch Garman Teoranta
Nótaí leis na Ráitis Airgeadaias
Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

10. Cuntas Caipitil

	€ 2010	€ 2009
Iarmhéid an 1 Eanáir		
Aistriú (chuig)/ ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	5,532	8,519
Cistí leithroinnte chun Sócmhainní seasta	1,528	-
Gné chaipitil d'íocaíochtaí léasa	1,014	1,014
Méid amúchta ag teacht le diúscairt sócmhainní.	(3,608)	(4,001)
	(1,066)	(2,987)
Iarmhéid an 31 Nollaig	4,466	5,532

11. Leasa Baill Boird

Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir treoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh Leasa Boird agus comhlíonadh na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ni raibh aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhartha ina raibh leasa ag aon Chomhalta Boird.

12. Sonraí ar tháillí Stiúrthóirí agus ar Thuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh

Is ar bhonn deonach a oibríonn an Bord agus ní dhearnadh aon íocaíochtaí le Comhaltaí an Bhoird i 2010.

Le héifeacht ón 16 Meán Fómhair 2009, cheap an Bord an tUas. Tom Banville mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach. Seo a leanas an luach saothair iomlán a íocadh leis an Uas. Banville sa bhliain ó 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010:

Fuair sé íocaíochtaí tuarastail ar luach €59,171. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais leis an Uas. Banville. Chomh maith leis sin fuair sé €6,947 i dtaobh liúntais taistil agus cothabhála. Tá an tUas. Banville ina chomhalta de scéim pinsin earnála poiblí le sochar sainithe nach bhfaigheann cistiú agus ní sháraíonn a chuid teidlíochtaí pinsin na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochar sainithe na hearnála poiblí.

Íocadh speansais taistil de €226 le Comhaltaí an Bhoird.

13. Gnóthas Leantach

D'fhógair an tAire Fiontar, Trádála agus Nualaíochta i Meitheamh 2010 go bhfuil sé beartaithe aige moltaí a chur faoi bhráid an rialtais maidir le struchtúr na mBord Fiontar Contae. Ní heol don Bhord go bhfuil sé i gceist feidhmeanna an Bhoird a leasú agus glacann sé leis go leanfaidh aon chomhlacht a thiocfaidh in áit an bhoird leis na gníomhaíochtaí a dhéanann sé faoi láthair agus go n-aistreofar sóchmhainní, fiachais agus foireann go dtí an comhlacht nua. Sna cúinsí seo, ní chreideann an bord go bhfuil aon athrú ar na ráitis airgeadais ag teastáil chun athstruchtúrú ar bith a léiriú agus tá na cuntais seo ullmhaithe aige ar bhonn ghnóthais leantaigh.

14. Áitreabh an Bhoird

Tá áitreabh á thógáil ar cíos ag an mBord i Lárionad Gnó Ard Chaomháin, Loch Garman. Cuireadh an comhaontú cíosa i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2006 ar feadh tréimhse de 9 mbliana agus 11 mhí. Is é an muirear bliantúil cíosa ná €18,750.

15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomhaigh an stiúrthóir na Ráitis Airgeadais ar an 1st Meitheamh, 2011.